



An Bhruiséil, 10 Márta 2026
(OR. en)

7186/26

ENER 119
ENV 217
TRANS 138
ECOFIN 315
RECH 115
CLIMA 126
IND 176
COMPET 301
CONSOM 74

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 118 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Tuarascáil maidir le maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Eoraip Measúnú ar chaiteachas poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 118 final.

Faoi iamh: COM(2026) 118 final



An Bhruiséal, 10.3.2026
COM(2026) 118 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil maidir le maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Eoraip
Measúnú ar chaiteachas poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh
agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh**

Tuarascáil maidir le maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh san Eoraip

Measúnú ar chaiteachas poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

1. RÉAMHRÁ

Tá ról lárnach ag an éifeachtúlacht fuinnimh chun dícharbónú iomlán costéifeachtach a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2050, chun geilleagar na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche agus chun slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú anois agus amach anseo. Sa chomhthéacs sin, tá sé ar cheann de chuspóirí straitéiseacha an Aontais dramháil fuinnimh a laghdú ar fud an chórais fuinnimh, i ngach earnáil eacnamaíoch. Ní hamháin go gcuidíonn bearta éifeachtúlachta fuinnimh le borradh a chur faoi iomaíochas chuideachtaí an Aontais, ach cuidíonn siad freisin leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus le spleáchas an Aontais ar fhoinsí fuinnimh allmhairithe a laghdú.

Chun cuidiú le sprioc 2030 a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 %, leagtar síos sa Treoir athmhúnlaithé maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ⁽¹⁾ sprioc maidir le hídiú fuinnimh phríomhúil an Aontais nach mó ná 992,5 Mtoe agus tomhaltas fuinnimh deiridh nach mó ná 763 Mtoe faoi 2030. Comhfhreagraíonn sé sin do laghdú 11,7 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le réamh-mheastacháin chás tagartha 2020 an Aontais.

Tá ról tábhachtach ag **earnáil na bhfoirgneamh** i ndáil leis sin toisc gurb í is cúis le 36 % d'ídiú fuinnimh foriomlán an Aontais agus 40 % d'iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh. Úsáideadh 52 % den ghás nádúrtha uile a ídíodh san Aontas in 2023 go díreach nó go hindíreach le haghaidh foirgneamh; mar sin cuideoidh coigilteas san earnáil sin freisin leis an spleáchas atá ann faoi láthair ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Thairis sin, bíonn tithíocht níos inacmhainne, níos cuibhiúla agus níos inbhuanaithe nuair a bhíonn sí fuinneamhéifeachtach. Tá beagnach 75 % den stoc foirgnimh sin neamhéifeachtúil de réir na gcaighdeán foirgnimh atá ann faoi láthair, agus beidh 85-95 % de na foirgnimh atá ann faoi láthair fós ina seasamh faoin mbliain 2050. Mar sin féin, níl an ráta bliantúil ualaithe athchóirithe fuinnimh ach ag thart ar 1 %.

Dá bhrí sin, **ba cheart an ráta athchóirithe a dhúbláil ar a laghad agus doimhneacht an athchóirithe a mhéadú** chun a áirithiú go ranncuideoidh an earnáil le spriocanna 2030. Ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoi 2030, agus ba cheart na foirgnimh atá ann cheana a chlaochlú go foirgnimh astaíochtaí nialasacha faoi 2050. Is í an Treoir athmhúnlaithé maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (an Treoir athmhúnlaithé maidir le FFF)⁽²⁾ an sásra seachadta do straitéis an

⁽¹⁾ [\(AE\) 2023/1791](#).

⁽²⁾ [\(AE\) 2024/1275](#).

‘rabhartha athchóiriúcháin’ ⁽³⁾ Is é is príomhaidhm di ráta agus doimhneacht an athchóirithe san Aontas a mhéadú, go háirithe i gcás na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla.

Meastar sa mheasúnú tionchair a thacaíonn leis an **Teachtairacht ón gCoimisiún maidir le spriocanna aeráide 2040** ⁽⁴⁾ go laghdóidh tomhaltas fuinnimh deiridh an Aontais ó 763 Mtoe in 2030 go 594-624 Mtoe faoi 2040, ag brath ar an gcás. Faoi 2050, beidh tomhaltas fuinnimh deiridh tite go dtí thart ar 560 Mtoe. Ar leibhéal earnála, meastar go sroichfidh coigilteas fuinnimh i bhfoirgnimh 35-38 % sna cásanna éagsúla faoi 2040 agus 40 % faoi 2050, agus go dtiocfaidh laghdú thart ar 20 % ar thomhaltas fuinnimh sa **tionscal** sna 10 mbliana idir 2031 agus 2040 agus laghdú 7 bpointe céatadáin eile sna 10 mbliana idir 2041 agus 2050 (ó fhigiúirí 2030).

Is bua triarach í an éifeachtúlacht fuinnimh, ar mhaithe lenár n-iomaíochas, ár n-aeráid agus ár slándáil, rud a chuireann an iliomad tairbhí ar fáil. Trí thomhaltas fuinnimh a laghdú, ní hamháin go ndéanaimid ár spleáchas ar bhreoslaí allmhairithe a laghdú, ach déanaimid astaíochtaí a laghdú agus ár neamhspleáchas fuinnimh a neartú freisin - le gach cileavatuair a shábháiltear, sin cileavatuair níos lú nach mór a allmhairiú, a fhóirdheonú agus/nó a tháirgeadh. **Tá tionchar mór ag infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh mar, a bhuí le gach euro a infheistítear in éifeachtúlacht fuinnimh, déantar EUR 12 i gcoigilteas ar chostais fuinnimh thar shaolré na hinfeistíochta i dtithíocht, agus EUR 4 in earnáil na tionsclaíochta.** Thairis sin, tá tairbhí forleathana ag baint le héifeachtúlacht fuinnimh, mar go bhfuiltear in ann suas le 40 % de chiorruithe riachtanacha CO₂ an Aontais a bhaint amach faoi 2030, agus 1,6 milliún post a chruthú agus costais mhóra leathnaithe eangaí a sheachaint, rud a fhágann gur straitéis ríthábhachtach í le haghaidh geilleagar níos iomaíche agus níos inbhuanaithe agus go bhfuil gá le hiarrachtaí móra infheistíochta chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na héifeachtúlachta fuinnimh san Eoraip.

Is í an éifeachtúlacht fuinnimh an chéad bhreosla san Eoraip - breosla atá glan, saor agus a dhéantar sa bhaile. I gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, ba cheart réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a mheas mar an chéad rogha i gcinntí beartais, pleanála agus infheistíochta.

Chun acmhainneacht na héifeachtúlachta fuinnimh san Eoraip a bhaint amach, tá gá le hiarracht mhór infheistíochta, mar a cuireadh i dtábhacht sa Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, a bhfuil méadú tagtha uirthi i gcomhréir le cuspóirí fuinnimh agus aeráide. Meastar i gcás samhaltaithe PRIMES den phlean um sprioc aeráide 2040, chun na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, gur thart ar EUR 370 billiún in aghaidh na bliana atá i riachtanais infheistíochta éifeachtúlachta

⁽³⁾ *A Renovation Wave for Europe – greening our buildings, creating jobs, improving life* [Tonn Athchóiriúcháin don Eoraip - ár bhfoirgnimh a ghlasú, poist a chruthú, saol na ndaoine a fheabhsú], COM/2020/662 final.

⁽⁴⁾ [COM/2024/63 final](#).

fuinnimh iomlána⁽⁵⁾ sna 10 mbliana ó 2021 go 2030, i gcomparáid le EUR 120 billiún in aghaidh na bliana sna 10 mbliana roimhe sin. Is méadú faoi thrí é sin. I gcomparáid leis sin, meastar faoi láthair go mbeidh gá le hinfheistíochtaí de thart ar EUR 1 241 bhilliún in aghaidh na bliana chun sprioc 2030 maidir le laghdú GCT 55 % a bhaint amach ⁽⁶⁾ . Ó thaobh an tsoláthair fuinnimh agus an bhonneagair de, meastar gurb é EUR 208 mbilliún in aghaidh na bliana ⁽⁷⁾ luach na riachtanas infheistíochta le haghaidh na tréimhse tagartha céanna. Tar éis 2030, meastar go dtiocfaidh laghdú beag ar riachtanais infheistíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ansin ach go bhfanfaidh siad an-ard idir 2031 agus 2040 (EUR 303 bhilliún) agus idir 2041 agus 2050 (EUR 288 mbilliún). Is bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear athchóiriú téimh agus fuaraithe, a bheidh i gceist le formhór na n-infheistíochtaí is gá chun spriocanna 2030 a bhaint amach, ag thart ar EUR 242 bhilliún in aghaidh na bliana in 2021-2030.

Ní féidir na spriocanna sin a bhaint amach trí rialáil amháin ach beidh gá le cistiú poiblí agus príobháideach araon a shlógadh. **Ní féidir le hacmhainní poiblí teoranta na riachtanais infheistíochta uile a chumhdach**, mar sin ní mór úsáid acmhainní poiblí atá níos éifeachtúla agus níos saincheaptha a lorg. Chomh maith leis sin, chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh agus a dhí-rioscú, ní mór úsáid a bhaint as táirgí airgeadais agus as maoiniú cumaiscthe.

Chun an cistiú is gá a áirithiú, ceanglaítear le hAirteagal 30 d'athmhúnlú na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- **staid na tacaíochta cistithe phoiblí atá ann faoi láthair agus cumas na mBallstát borradh a chur faoi infheistíochtaí príobháideacha** san éifeachtúlacht fuinnimh;
- **an bhfuil gá le sásra éifeachtúlachta fuinnimh, nó teaghlaim de dheontais, cúnamh teicniúil agus ráthaíochtaí, ar leibhéal an Aontais ar fad**, chun cuidiú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus aeráide an Aontais a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil ar sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

Thairis sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún le hAirteagal 9(8) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF anailís a thíolacadh ar an méid seo a leanas:

- na cistí struchtúracha agus cláir réime an Aontais, lena n-áirítear cistiú ón mBanc Eorpach Infheistíochta, atá i bhfeidhm faoi láthair chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, go háirithe tithíocht, i dtéarmaí a n-éifeachtachta, na gcineálacha ionstraimí a úsáidtear, na méideanna iarbhír agus cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal an chistithe iomchuí;

⁽⁵⁾ Tá an meastachán bunaithe ar infheistíochtaí ar thaobh an éilimh chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh ach gan riachtanais infheistíochta san iompar agus i bhfoirgníochtaí nua a chur san áireamh.

⁽⁶⁾ [SWD/2023/68 final](#).

⁽⁷⁾ [SWD/2024/63 final](#).

- cistí atá ar fáil ó institiúidí airgeadais poiblí i dtéarmaí a n-éifeachtachta, na gcineálacha ionstraimí agus beart a úsáidtear agus cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal an chistithe iomchuí;
- comhordú chistiú an Aontais agus cistithe náisiúnta agus cineálacha eile beart arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh a spreagadh, agus cé acu atá nó nach bhfuil an cistiú sin chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach.

Is é is aidhm don tuarascáil seo gach ceann de na pointí thuas a chumhdach, san ord seo a leanas:

- Forléargas ar chistiú poiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus athchóirithe fuinnimh san Aontas — Caibidil 2
- Measúnú ar chistiú poiblí san Aontas — Caibidil 3
- Príomhthorthaí agus príomhchonclúidí — Caibidil 4.

2. FORLÉARGAS AR CHISTIÚ POIBLÍ LE HAGHAIDH ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS ATHCHÓIRITHE FUINNIMH SAN AONTAS

2.1. Tacaíocht do chistiú poiblí ar leibhéal an Aontais

2.1.1. Tacaíocht bhuiséadach an Aontais

Is iondúil go gcuirtear tacaíocht bhuiséadach an Aontais ar fáil faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI), plean buiséadach 7 mbliana. EUR 1 083 bhilliún a bhí i mbuiséad iomlán an Aontais faoi CAI 2014-2020. Is fiú EUR 1 211 billiún CAI don tréimhse 2021-2027. Ina theannta sin, chun tacú le téarnamh eacnamaíoch an Aontais ó phaindéim an choróinvíris, bunaíodh ionstraim théarnaimh shealadach – Next Generation EU, lena n-áirítear a Shaoráid shuaitheanta Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) – ar fiú EUR 807 mbilliún san iomlán í, in 2021. Agus boilsciú á chur san áireamh, dá bhrí sin, tá méadú 86 % tagtha ar acmhainní buiséadacha an Aontais i gcomparáid leis an CAI roimhe sin.

Tábla 1: buiséad an Aontais

	Méideanna bliantúla (i bpraghsanna atá ann faoi láthair)
CAI 2014-2020	EUR 1 083 bhilliún
CAI 2021-2027	EUR 1 211 bhilliún
Next Generation EU	EUR 807 mbilliún
STA agus CAI 21-27	EUR 2 018 mbilliún

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

I dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh go sonrach, **rinneadh an cistiú iomlán ón Aontas a bhí ar fáil a iolrú faoi 6,8** idir 2014-2020 (EUR 21 bhilliún) agus 2021-2027 (EUR 144,7 billiún), **méadú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo**. Mar a léirítear i dTábla 2 thíos, **tháinig an cistiú breise go príomha ó STA, a raibh 73,8 % den iomlán i gceist leis**, agus, ar bhonn i bhfad níos lú, ón mbeartas comhtháthaithe.

Tábla 2: Maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh in aghaidh an chláir de chuid an Aontais (in EUR billiún)

	2014-2020	2021-2027	Méadú (%)	Céatadán an CAI atá ann faoi láthair (%)
Iomlán AE	21,0	144,7	822	100,0
Cistí beartais comhtháthaithe	17,8	29,0	132	20,6
Cistí talmhaíochta	0,7	1,4	100	1,0
CEIS / InvestEU	1,6	1,6	-	1,1
Cláir thiomnaithe éifeachtúlachta fuinnimh (Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE, an tSaoráid Eorpach um Chúnadh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, Fís Eorpach)	0,9	2,0	122	1,4
An Ciste don Nuachóiriú	-	6,8	-	4,8
STA	-	103,9 ⁽⁸⁾	-	73,8
<i>STA d'fhoirgnimh</i>	-	79,4 ⁽⁹⁾	-	
Cómhaoiniú iomlán (Cistí Comhtháthaithe + AGRI)	5,5	11,9	116	
Iomlán AE + cómhaoiniú	26,5	156,6	491	

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

Caitheadh cuid mhór de STA ar éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe i bhfoirgnimh.

As an EUR 650 billiún ⁽¹⁰⁾ a bhí ar fáil, úsáideadh EUR 103,9 billiún, nó 16 %, chun infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú, rud a d'fhág gur príomhthairbhí STA é an réimse beartais sin. Is fiú a thabhairt faoi deara gur leithdháil gach ceann de na 27 mBallstát cistiú ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh ina bpleananna téarnaimh agus

⁽⁸⁾ Léirítear san fhíor sin meastacháin chostais ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh faoi STA lena ndírítear ar athchóiriú agus ar thógáil foirgneamh chomh maith le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna nó i bhfiontair mhóra bunaithe ar shonraí ó mhí Mheán Fómhair 2025. Fuarthas an figiúr sin tríd an gcaiteachas measta a bhaineann le bearta a rianaítear le réimsí idirghabhála 024/024bis/024ter/025/025bis/025ter/026/026bis mar a shainmhínítear in [Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán STA](#) a shuimiú, lena leagtar amach modheolaíocht chun rianú aeráide a dhéanamh ar bhearta a fhaigheann tacaíocht ó STA.

⁽⁹⁾ Léirítear san fhíor sin meastacháin chostais ar bhearta atá nasctha le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hathchóiriú agus tógáil foirgneamh a chumhdaítear faoi STA bunaithe ar shonraí ó mhí Mheán Fómhair 2025. Fuarthas an figiúr sin tríd an gcaiteachas measta a bhaineann le bearta a rianaítear le réimsí idirghabhála 025/025bis/025ter/026/026bis mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán STA a shuimiú, lena leagtar amach modheolaíocht chun rianú aeráide a dhéanamh ar bhearta a fhaigheann tacaíocht ó STA.

⁽¹⁰⁾ Cinneadh gur EUR 650 billiún a bhí i gceist le himchlúdach airgeadais iomlán STA ag deireadh mhí Lúnasa 2024. Is éard a bhí i gceist leis an EUR 723 bhilliún a tuairiscíodh roimhe seo uasmhéid thacaíocht neamh-inaisíochta STA (EUR 338 mbilliún) agus iasachtaí STA (EUR 385 bhilliún) a cuireadh ar fáil le Rialachán STA ach níor bhain na Ballstáit leas iomlán as.

athléimneachta, le leithdháiltí idir 31 % de na cistí atá ar fáil sa Phortaingéil agus 2 % san Fhionlainn. Bhí an sciar is mó den chistiú dírithe ar **éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, EUR 79,4 billiún san iomlán (ar fud na mBallstát uile)**. Sa bhreis ar infheistíochtaí, tá STA ag spreagadh iarrachtaí athchóirithe san éifeachtúlacht fuinnimh freisin, lena n-áirítear feabhas a chur ar chreataí rialála agus riaracháin, straitéisí fadtéarmacha a bhunú agus faisnéis agus oiliúint a chur ar fáil.

Chuidigh acmhainní nua ó chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA) leis an mbearna infheistíochta a dhúnadh freisin. An **Ciste don Nuachóiriú** ⁽¹⁾, a ceapadh chun cuidiú leis na Ballstáit ar ioncam íseal a gcórais fuinnimh a nuachóiriú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, maoinítear é trí 2 % de lamhálaís charbóin CTA a dhíol le haghaidh 2021-2030. Ag deireadh 2023, bhí EUR 3 bhilliún - ceathrú cuid de na heisíocaíochtaí iomlána - eisíochta cheana féin ag an gciste le haghaidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh sna Ballstáit is tairbhíthe. Bunaithe ar an treocht atá ann faoi láthair, meastar gur EUR 6,8 a bheidh i gceist le heisíocaíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh faoi dheireadh 2027.

Acmhainní nua ó STA agus ó CTA atá i gceist le 89 % den mhéadú sin. Is iad na Ballstáit amháin a bhainistíonn an dá ionstraim.

Ós rud é go bhfuil gach rud mar a chéile, tháinig méadú 62 % ar chistí an Aontais atá ar fáil, ó EUR 21 bhilliún go EUR 34 bhilliún (gan acmhainní ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta de EUR 103,9 billiún agus cistí CTA de EUR 6,8 billiún a áireamh). Comhfhreagraíonn sé sin do ranníocaíocht bhliantúil EUR 4,8 billiún ó bhuiséad an Aontais ó 2021 go 2027, rud a mhéadóidh go EUR 20,7 billiún má chuirtear STA agus an Ciste don Nuachóiriú san áireamh.

Tháinig méadú mór freisin ar **chistí an bheartais chomhtháthaithe** a cuireadh ar fáil, rud a mhéadaigh faoi dhó go héifeachtach ó EUR 17,8 billiún go EUR 29 mbilliún sa tréimhse ó 2021 go 2027, agus ina theannta sin is é is aidhm don athbhreithniú meántearma cistiú comhtháthaithe le haghaidh tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a dhúbláil. Bhí cistí an bheartais chomhtháthaithe ina n-uirlis rathúil chun an comhar idir institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha i mBallstáit éagsúla a neartú, agus chuidigh sé le hinfeistíochtaí príobháideacha a shlógadh le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar an láthair, áit a bhfuil sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ionstraimí airgeadais imrothlacha le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh (iasachtaí agus ráthaíochtaí in éineacht le deontais).

(1) [An Ciste don Nuachóiriú](#)

Tiocfaidh an **Ciste Aeráide Sóisialta** i bhfeidhm ó 2026 ar aghaidh, nuair a bheidh deireadh á chur de réir a chéile le STA. Cruthaíodh an ciste an tráth céanna a leathnaíodh CTA chun astaíochtaí ó dhóchán breosla in earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus in earnálacha eile a chumhdach. Cuirfidh sé cistiú EUR 86,7 billiún san iomlán ar fáil, a roinnfear i measc na mBallstát, chun tacú le bearta struchtúracha, le hinfheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus le hathchóiriú foirgneamh, le téamh agus fuarú glan, le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus le réitigh shoghluaisteachta astaíochtaí nialasacha agus ísle.

An Ciste Eorpach um Éifeachtúlacht Fuinnimh (CEEF): comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh

Bunaíodh CEEF in 2011 agus is meán infheistíochta poiblí-príobháideach, fadtéarmach é a ceapadh chun tacú le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais. Cuireann an ciste maoiniú tiomnaithe ar fáil d'údarás áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta, nó d'eintitis phoiblí nó príobháideacha atá ag gníomhú thar a gceann, agus é mar chuspóir leis borradh a chur faoi choigilteas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn san Aontas.

Tá bonn scairshealbhóirí éagsúil ag an gciste, a d'íoc díbhinní amach gach bliain ó 2013, ina bhfuil institiúidí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil príobháideach araon, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, a ranníoc caipiteal riosca, Generali, Stichting Achmea Algemeen Pensioenfonds, DBU agus DWS/Wepa.

Le hinfheistíochtaí iomlána de thart ar EUR 180 milliún, thacaigh CEEF le 18 dtionscadal i 10 dtír Eorpacha, a raibh baint ag 56 údarás phoiblí leo agus a d'fhreastail ar bhreis agus 2 mhilliún duine in aghaidh na bliana. Tá torthaí nach beag bainte amach ag an gciste ó seoladh é, rud a ghin os cionn EUR 380 milliún in infheistíochtaí iomlána. Thacaigh sé le raon tionscadal, lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh poiblí, uasghráduithe ar shoilsiú sráide, giniúint fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar iompair ghlain. Bhí ról ríthábhachtach ag saoráid cúnamh teicniúil an chiste freisin maidir le cuidiú le tionscadail a ullmhú as a dtiocfaidh coigilteas mór fuinnimh agus laghduithe móra ar astaíochtaí GCT. Faoi dheireadh 2021, bhí coigilteas carnach astaíochtaí CO₂ 740 460 tona agus coigilteas fuinnimh phríomhúil 1 318 549 MWh bainte amach ag an gciste.

Is sampla maith é CEEF de chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí tiomnaithe i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, lena léirítear acmhainneacht an mhaoinithe chumaiscthe chun caipiteal poiblí an Aontais a ghíaráil agus infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach. Le dearadh an chiste, lena gcomhcheanglaítear maoiniú lamhátais, cúnamh teicniúil agus saineolas earnála, bhíothas in ann tionscadail ardtionchair a chur chun feidhme le hionchuir chaipitil measartha beag ón Aontas.

2.1.2. *Tacaíocht Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta lena n-áirítear nuair a thacaítear léi le buiséad an Aontais*

Tá ról ríthábhachtach ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ('Grúpa BEI') ⁽¹²⁾, mar bhanc aeráide an Aontais agus mar an príomh-chomhpháirtí cur chun feidhme do chistí an Aontais, i maoiniú an aistrithe fuinnimh.

Mar a leagtar amach ina threochlár bhainc aeráide⁽¹³⁾ agus mar thoradh ar straitéis an 'rabharta athchóiriúcháin' d'earnáil na tógála, áirítear ina straitéis éifeachtúlachta fuinnimh ráthaíochtaí agus iasachtaí idirghafa chomh maith le seirbhísí comhairleacha (Mol Comhairleach InvestEU ⁽¹⁴⁾, go háirithe an tSaoráid Eorpach um Chúnadh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh ⁽¹⁵⁾).

Mar thoradh air sin, **rinneadh acmhainní atá tiomnaithe d'éifeachtúlacht fuinnimh a iolrú faoi 12,2 ó 2012 go 2023**. Chuaigh cistiú Ghrúpa BEI go príomha chuig earnáil na tógála, agus chuig fearais agus réitigh chliste, i gcomhréir leis an straitéis a leagtar amach sa treochlár.

Ar an taobh eile, d'fhan maoiniú íseal fós d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'), don tionscal, do chumhacht agus teas in éineacht ('CTÉ') agus do théamh ceantair. I mí Mheán Fómhair 2025, **sheol Grúpa BEI agus an Coimisiún an tionscnamh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh do FBManna**, atá mar chuid de threochlár straitéiseach BEI⁽¹⁶⁾ do 2024-2027. Leis an tionscnamh seo, cuirfear maoiniú EUR 17,5 billiún ar fáil ó 2025 go 2027, arb é is aidhm dó beagnach dúbailt a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta atá ann faoi láthair do réitigh atá tíosach ar fhuinneamh do FBManna ⁽¹⁷⁾.

Tá an Ciste Eorpach Infheistíochta ('CEI') ag tacú go fadtéarmach le teicneolaíochtaí glana, ag soláthar infheistíochtaí caipitil fiontair agus ag tabhairt isteach tionscnaimh amhail ráthaíocht pháirteach ar riosca chun iasachtaí glasa a chur chun cinn le haghaidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite. Tríd an gclár InvestEU, treisíodh fócas CEI a thuilleadh i dtreo tionscadail a mhaoiniú lena dtacaítear leis an dícharbónú, leis an éifeachtúlacht fuinnimh, leis an bhfuinneamh in-athnuaite, leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus leis an ngeilleagar ciorclach, le hinfeistíocht iomlán de thart ar EUR 4,1 billiún go dtí 2025.

Tábla 3: Maoiniú Ghrúpa BEI ar éifeachtúlacht fuinnimh laistigh den Aontas (in EUR milliún)

	2012	2013	2014	2015	2016	2017
Éifeachtúlacht fuinnimh	763	1 354	1 557	2 876	3 349	4 613

⁽¹²⁾ Tá Grúpa BEI comhdhéanta den Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus den Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI).

⁽¹³⁾ [Treochlár Bainc Aeráide Ghrúpa an BEI 2021-2025](#) agus [Treochlár Bainc Aeráide Ghrúpa an BEI céim 2 2026-2030](#).

⁽¹⁴⁾ https://investeu.europa.eu/investeu-programme/investeu-advisory-hub_en.

⁽¹⁵⁾ <https://www.eib.org/en/products/advisory-services/elena/index>.

⁽¹⁶⁾ [Treochlár Straitéiseach Ghrúpa an BEI 2024-2027](#)

⁽¹⁷⁾ [Tionscnamh BEI maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh in FBManna](#)

	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Éifeachtúlacht fuinnimh	2 421	4 289	5 273	4 539	7 624	9 326

Foinse: Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2024

Tugtar dá aire go n-áirítear sna figiúirí sin acmhainní ó bhuiséad an Aontais a chuir an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI') chun feidhme - ceann de na príomh-chomhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh chistí an Aontais – agus ó na bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh agus forbairt. Níor cheart, dá bhrí sin, iad sin a chur leis na figiúirí a cuireadh i láthair sa roinn roimhe seo. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás chlár ráthaíochta InvestEU agus an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh. Mar sin féin, cuirtear i dtábhacht leis na figiúirí méadú níos mó ná dhá oiread déag ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh ghrúpa BEI ó bhí 2012 ann.

2.2. Tacaíocht do mhaoiniú poiblí ar leibhéal an Bhallstáit

Rinne an Coimisiún anailís ón mbun aníos ar scéimeanna cistithe poiblí. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit ansin (i) trí bhíthin glao ar fhianaise ⁽¹⁸⁾ agus (ii) tríd an nGrúpa Saineolaithe um an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. Tá an tuarascáil seo bunaithe go príomha ar na sonraí a bailíodh go díreach ó na Ballstáit, ach úsáideadh sonraí eile ón anailís, i gcás ina raibh siad ar fáil, chun aon bhearna a líonadh.

San iomlán, sainithníodh 426 scéim cistithe poiblí sna 27 mBallstát.

Ní mór a chur i dtábhacht, ós rud é nach mbailítear sonraí éifeachtúlachta fuinnimh go córasach faoi scéimeanna cistithe poiblí, nach bhfuil iontu sin ach meastacháin tháscacha.

Déantar go leor scéimeanna náisiúnta a chómhaoiniú le cláir de chuid an Aontais. Fuair 103 scéim cómhaoiniú ó chláir an Aontais, go páirteach nó go hiomlán. Maidir leis an líon agus an méid scéimeanna arson, ba é STA an príomh-ranníocóir. Rinneadh ranníocaíochtaí tuairiscithe ón Aontas de EUR 28,8 billiún a lascainiú ón iomlán chun comhaireamh dúbailte idir scéimeanna maoinithe an Aontais agus scéimeanna maoinithe náisiúnta a sheachaint ⁽¹⁹⁾.


Ní bhfuarthas aon sonraí buiséid le haghaidh 80 scéim, mar sin tá an measúnú bunaithe ar shonraí le haghaidh 346 scéim ar fud na hEorpa. **Meastar gur EUR 360 billiún ⁽²⁰⁾, i.e. thart ar EUR 32,7 billiún in aghaidh na bliana, atá i dtacaíocht do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ó bhuiséid náisiúnta in 2014-2024.** Taispeántar thíos an dáileadh buiséid de réir Ballstáit.

Graf 1 / Tábla 4: Scéimeanna náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh, 2014-2024

⁽¹⁸⁾ [Éifeachtúlacht fuinnimh – measúnú a dhéanamh ar leibhéal an chistithe ón Aontas agus leibhéal an mhaoinithe náisiúnta.](#)

⁽¹⁹⁾ Ina ranníocaíocht, thuairiscigh na Ballstáit EUR 28,8 billiún san iomlán mar ranníocaíocht ón Aontas leis na scéimeanna maoinithe náisiúnta a cuireadh chun feidhme.

⁽²⁰⁾ EUR 388,7 billiún lúide EUR 28,8 billiún a eascraíonn as ranníocaíochtaí tuairiscithe an Aontais.



Ballstáit	An líon scéimeanna	An buiséad iomlán atá beartaithe (in EUR milliún)	EUR per capita
an Iodáil	8	134 465	2 284
an tSualainn	7	22 067	2 104
an Fhrainc	14	125 711	1 850
an Ostair	16	14 537	1 608
an tSeicia	24	15 697	1 491
an Danmhairg	9	5 720	969
an Ghearmáin	15	80 563	958
an Fhionlainn	10	5 186	933
AE-27	426	388 654	864
an Eastóin	13	1 137	849
an Pholainn	34	26 655	710
an Laitvia	21	1 171	623
an Ísiltír	10	9 467	528
an Chróit	11	1 877	488
an Bheilg	25	5 684	487
an Phortaingéil	12	4 967	479
an tSlóvaic	14	2 365	436
an Liotuáin	9	1 084	383
an Ghréig	7	4 032	381
Lucsamburg	10	236	363
an Bhulgáir	15	2 332	360
an Chipir	9	361	289
Málta	16	146	279
an Spáinn	62	10 663	224
an Ungáir	35	1 931	199
an tSlóivéin	7	331	157
Éire	6	172	26
an Rómáin	7	263	14

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024. Rangú bunaithe ar EUR *per capita*.

I measc na mBallstát mór, seasann an Iodáil agus an Fhrainc amach le leibhéal arda tacaíochta. Faoi *Superbonus* na hIodáile, fuair tairbhíthe fóirdheontas 110 % i bhfoirm creidmheasanna cánach. Sa Fhrainc, measadh gur chosain ráta laghdaithe CBL le haghaidh oibreacha athchóirithe (5,5 %), atá i bhfeidhm ó bhí 2014 ann, EUR 90 billiún ó seoladh é, agus trí cheathrú de chaiteachas na Fraince atá i gceist leis an méad sin.

Is cineálacha tacaíochta **neamh-inaisíochta** iad deontais, cúnamh teicniúil agus lacáistí cánach, rud a chiallaíonn nach féidir na hacmhainní sin a sholáthar do thairbhíthe ach aon uair amháin agus nach sreabhann siad ar ais isteach sa bhuiséad náisiúnta. Ba cheart tacaíocht neamh-inaisíochta a dhíriú go príomha ar thairbhíthe leochaileacha a mbeadh deacrachtaí acu tacaíocht a aisíoc, mar gheall ar easpa acmhainní nó mar gheall ar staid dianiomaíochta le costais eile. Ar an taobh eile, ní mór cistí a fhaightear faoi scéimeanna inaisíochta, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais amhail iasachtaí, ráthaíochtaí agus cothromas, a aisíoc leis na comhlachtaí cur chun feidhme náisiúnta nó réigiúnacha agus, i gcás cistí imrothlacha, is féidir iad a úsáid le haghaidh oibríochtaí comhleanúnacha. Is gnách go mbíonn acmhainneacht gearála níos airde ag tacaíocht in-aisíochta. Tá scéimeanna cumaiscthe ann freisin a thairgeann meascán de thacaíocht in-aisíochta agus neamh-inaisíochta araon. Tá siad oiriúnach go háirithe chun cinntí infheistíochta ó thairbhíthe a spreagadh mar gheall ar a gcomhpháirt fóirdheontais (e.g. tacaíocht theicniúil saor in aisce nó iniúchtaí fuinnimh, coinníollacha iasachtaithe fabhracha, lacáistí caipitil, rátaí úis nó fóirdheontais táillí ráthaíochta).

Tábla 5: Miondealú ar scéimeanna náisiúnta de réir cineál tacaíochta

An cineál scéime	An líon scéimeanna	Méid (in EUR milliún)	Sciar den mhéid (%)
Neamh-inaisíochta	285	248 046	63,8 %
Scéim chumaiscthe	36	91 815	23,6 %
Inaisíochta	69	41 621	10,7 %
Eile	36	7 172	1,8 %
IOMLÁN	426	388 654	


Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

Iarradh ar na Ballstáit sonraí a sholáthar le haghaidh na scéimeanna is ábhartha agus lena n-aghaidh sin amháin. Thuairiscigh an chuid is mó díobh níos lú ná 20 ceann, ach thuairiscigh 6 Bhallstát líon níos mó toisc go bhfuil fochláir ar leith ann de chláir mhórsála (an tSeicia, an Ungáir, an Laitvia, an Pholainn) nó toisc go ndéantar cláir éifeachtúlachta fuinnimh a bhainistiú go réigiúnach (an Bheilg, an Spáinn).

Roghnaíonn na Ballstáit scéimeanna neamh-inaisíochta den chuid is mó. Cé gur minic a bhíonn deontais i gceist le tacaíocht neamh-inaisíochta, baineann roinnt Ballstát mór (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil) úsáid as lacáistí cánach den chuid is mó. Níl ach 5 Bhallstát ann (an Bheilg, an Bhulgáir, an Ungáir, an Fhionlainn agus an Phortaingéil) ina



bhfuil ionstraimí airgeadais (scéimeanna inaisíochta) atá i gceist le níos mó ná 30 % den chistiú, agus ní úsáidtear scéimeanna cumaiscthe go forleathan ach in 3 Bhallstát (an Ostair, an Danmhairg agus an Ghearmáin).

Graf 2: Miondealú buiséid ar scéimeanna náisiúnta de réir cineál tacaíochta — miondealú náisiúnta



Chun borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch ó phaindéim COVID-19, bhain na Ballstáit úsáid as a n-acmhainní den chuid is mó chun cláir deontais a mhaoiniú. Go dtí 2019, bhí éagsúlacht sa líon scéimeanna nua éifeachtúlachta fuinnimh a cuireadh ar bun gach bliain idir 10 agus 25, ach idir 2020 agus 2023, chruthaigh na Ballstáit 205 scéim nua ar a laghad (idir 34 agus 67 in aghaidh na bliana) mar gheall ar chur chun feidhme STA den chuid is mó. Bhí go leor acu sin i bhfoirm deontas (116), agus ionstraimí airgeadais ina dhiaidh sin (25). Ó thaobh méide de, deontais a bhí i gceist le EUR 56,4 billiún agus ionstraimí airgeadais a bhí i gceist le EUR 16,5 billiún. I measc na scéimeanna nua, bhí 48 gcinn dírithe ar fhoirgnimh chónaithe ar EUR 95,4 billiún san iomlán, is é sin 55,6 % den mhéid iomlán a leithdháileadh ar scéimeanna nua sa tréimhse sin (EUR 171,5 billiún).

Graif 3 & 4 / Tábla 6: Miondealú ar an scéim náisiúnta agus ar an mbuiséad de réir an dáta seolta (in EUR milliún)



An dáta seolta	Neamh-inaisíoctha	Scéim chumaiscthe	Inaisíoctha	Eile
2015	2 774	13	4 878	27
2016	4 421	-	8 050	-
2017	1 865	-	963	-
2018	20 645	252	566	-
2019	3 998	-	1 100	227
2020	51 887	-	381	213
2021	22 380	55 382	333	1 024
2022	13 576	2 476	2 696	164
2023	5 303	2 362	13 083	239
2024	1 481	334	280	-

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

3. MEASÚNÚ AR CHISTIÚ POIBLÍ Ó FHOINSÍ AN AONTAIS AGUS Ó FHOINSÍ NÁISIÚNTA

3.1. Giaráil a mheasúnú

3.1.1. Éifeacht iolraitheora agus giaráil chláir an Aontais

Tábla 7: Buiséad agus giaráil an Aontais (in EUR milliún)

	Buiséad an Aontais A	Cómhainiú náisiúnta B	Infheistíochtaí iomlána C	giaráil (A+B)/A	Iomlán Iolraitheora C/A
Cistí an bheartais comhtháthaithe 2014-2020	12 540	5 244		1,4	Ní bhaineann le hábhar
Cistí an bheartais comhtháthaithe 2021-2027	24 986	11 275		1,5	Ní bhaineann le hábhar
Cistí an bheartais talmhaíochta 2014-2022	710		1 695		2,4
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta	103 921				Ní bhaineann le hábhar
An Ciste don Nuachóiriú	3 085				Ní bhaineann le hábhar
Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE (Glaonna 2021 agus 2022)	216		8 640		40,0
An tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh	295		9 662		32,8
CEIS	1 624		25 400		15,6
InvestEU	624		9 915		15,9

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024 agus 2025

Tá tionchar teoranta ag cláir de chuid an Aontais a bhfuil cion mór deontas acu ar éifeachtúlacht fuinnimh. Tá giaráil chistí an bheartais comhtháthaithe faoi bhun 1,5, rud a chiallaíonn go mealltar 50 cent breise de chómhainiú náisiúnta le gach euro ó bhuiséad an Aontais. Ní féidir an t-íolraitheoir iomlán a ríomh toisc nach féidir luach comhiomlánaithe a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí iomlána a bhfuil cistiú príobháideach san áireamh iontu.

A mhéid a bhaineann le cistí talmhaíochta, meastar gurb é 2,4 an t-íolraitheoir iomlán le haghaidh na tréimhse ó 2014 go 2022. Is deacair meastachán a dhéanamh ar íolraitheoir STA agus an Chiste don Nuachóiriú mar gheall ar easpa sonraí, ach ós rud é nach gcuimhdaíonn formhór na gcistí náisiúnta ach cuid den infheistíocht iomlán (ó 20 % suas le 100 %), is féidir a mheas, dá bhrí sin, gurb é 2 go 3 an t-íolraitheoir poiblí iomlán.

Spreagann cistí an bheartais chomhtháthaithe úsáid ionstraimí airgeadais, a bhfuil torthaí cruthaithe acu. Faoi CAI atá ann faoi láthair, cuireadh EUR 18,5 billiún i leataobh d'ionstraimí airgeadais, a bhfuil 24 % de le leithdháileadh ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh (EUR 4,3 billiún). Cé go bhfuil catagóiriú na míreanna caiteachais éagsúil idir an dá thréimhse CAI, ciallaíonn sé sin go bhfuil méadú beagnach faoi trí tagtha ar leithdháiltí an chiste chomhtháthaithe le haghaidh ionstraimí airgeadais i gcomparáid le 2014-2020 (EUR 1,6 billiún) ⁽²¹⁾. Faoi chistí Beartais Chomhtháthaithe, moltar d'fhormhór na mBallstát úsáid a bhaint as **teaglamaí de dheontais agus d'ionstraimí airgeadais in aon oibríocht amháin**. Mar sin féin, ní tharlaíonn sé sin go córasach ar fud na mBallstát uile agus is minic fós nach mbaintear scála amach.

Níl aon sonraí beachta ann do gach cuspóir téamach de réir réimse ábhair (i.e. éifeachtúlacht fuinnimh), ach in ionstraimí airgeadais 2014-2020 faoi chistí an Bheartais Chomhtháthaithe baineadh amach gearráil 3,8 ar fud na n-earnálacha uile, rud atá i bhfad os cionn an mheánluach 1,4 don bheartas comhtháthaithe. A bhfuil le hionstraimí airgeadais, bhíothas in ann caipiteal príobháideach breise cothrom le 15 % de bhuiséad an Bheartais Chomhtháthaithe in 2014-2020 a shlógadh. **Cuireann an Coimisiún, i gcomhar le BEI, tacaíocht theicniúil de chineálacha éagsúla ar fáil freisin chun glacadh ionstraimí airgeadais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh**, amhail an tSamhail ionstraime airgeadais um éifeachtúlacht fuinnimh ⁽²²⁾, an t-ardán Fi-compass agus an Tionscnamh um Uas-scálú Éifeachtúlachta Fuinnimh ⁽²³⁾, Comhtháthú le haghaidh Aistrithe (C4T) ⁽²⁴⁾.

⁽²¹⁾ [Ionstraimí airgeadais faoin mbeartas comhtháthaithe 2021-2027 | Cohesion Open Data](#).

⁽²²⁾ Is samhail sholúbtha é an tSamhail ionstraim airgeadais um éifeachtúlacht fuinnimh ina gcuirtear treoraíocht phraiticiúil ar fáil do Bhallstáit an Aontais maidir le conas ionstraim airgeadais atá dírithe ar an margadh a bhunú go héasca mar aon le deontas chun cistiú agus tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh (tithíocht, FBManna). Thar aon ní eile, cuireann an tsamhail bealach ar fáil chun na cistí atá ar fáil trí bhuiséad an Aontais a ghíaráil, chun acmhainní breise a shlógadh ó bhainc thráchtála agus ó infheisteoirí príobháideacha le haghaidh scéimeanna den sórt sin, [Infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh faoi REPowerEU](#).

⁽²³⁾ [fi-compass](#) | Tairgeann [ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte an Aontais](#) cúnaimh teicniúil d'údarais bhainistíochta, chun cuidiú leo staidéir indéantachta, measúnuithe *ex ante*, cás-staidéir agus obair ullmhúcháin riachtanach eile a dhéanamh chun ionstraimí airgeadais a bhunú. Mar chuid d'ardán Fi-compass, le [Méadú: ionstraimí airgeadais éifeachtúlachta fuinnimh](#), tugtar le chéile saineolaithe ó institiúidí éagsúla chun dul i ngleic le bacainní maidir le hionstraimí airgeadais éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme agus chun réitigh a mholadh. Forbróidh meithleacha tascbhunaithe straitéisí chun feabhas a chur ar ionstraimí airgeadais éifeachtúlachta fuinnimh agus chun iad a mhéadú agus leas a bhaint as dea-chleachtais agus saineolas ó thíortha ar fud an Aontais.

⁽²⁴⁾ [Inforegio - Cur isteach ar C4T GROUNDWORK – cúnaimh teicniúil le haghaidh infheistíochtaí an Bheartais Chomhtháthaithe](#) Cuirtear saintacaíocht ar fáil do Bhallstáit, réigiúin agus údarais áitiúla an Aontais leis sin, a chuidíonn leo infheistíochtaí an Bheartais Chomhtháthaithe a chur chun feidhme faoi Chuspóir Beartais 2, lena n-áirítear na cinn sin a dhírítear ar éifeachtúlacht fuinnimh. Áirítear ar na seirbhísí tacaíochta straitéisí a fhorbairt, faireachán a fheabhsú, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, deiseanna cistiúcháin a shainaithint, tacaíocht d'ullmhú glaonna agus forbairt acmhainneachta.

Bíonn tionchar an-ard ag cláir de chuid an Aontais lena gcuirtear cúnaimh teicniúil, ráthaíochtaí agus bearta maidir le glacadh sa mhargadh ar fáil. Sháraigh an tSaoráid Eorpach um Chúnaimh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh go háirithe, a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha do thionscadail áitiúla fuinnimh agus soghluaisteachta, lena n-éilítear gearáil íosta 10-20 ó thairbhíthe tionscadail (ag brath ar an earnáil), a sprioc go mór agus 32 ar an meán aici.

Agus é á bhainistiú anois faoin gclár InvestEU, d'éirigh leis an tSaoráid Eorpach um Chúnaimh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh acmhainní an Aontais a úsáid mar shíolairgead le haghaidh punanna infheistíochta áitiúla in 25 Bhallstát as 27 gcinn. Baineadh gearáil chomh hard le 40 amach le foclár an Aistrithe chuig Fuinneamh Glan de chuid LIFE, lena n-áirítear ceanglais chómhainithe agus lena dtacaítear le glacadh sa mhargadh, forbairt tionscadal agus cineálacha cur chuige nuálacha amhail ionstraimí airgeadais píolótacha a bhunú.

Is ionstraim ráthaíochta idirghafa é an **Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)**, ar tháinig InvestEU i gcomharbacht air ó 2021, arb é is aidhm dó an bhearna infheistíochta san Eoraip a dhúnadh trí mhaoiniú príobháideach a mhealladh le haghaidh tionscadail i réimsí amhail an nuálaíocht, an bonneagar, forbairt shóisialta agus scileanna agus tacaíocht do FBManna. Tá sé anois ar an meán is mó le haghaidh infheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais, agus é mar aidhm aige beagnach EUR 900 billiún a ghíaráil ó 2014 go 2027. Bhain CEIS gearáil 15,6 amach, agus tá coinne leis go mbeidh an gearáil céanna ag InvestEU.

3.1.2. Éifeacht iolraitheora na gclár cistithe náisiúnta

Tá sonraí iolraitheora in easnamh i gcás fhormhór na scéimeanna tacaíochta náisiúnta. Mar sin féin, tá sonraí ann maidir le hinfeistíocht phríobháideach arna gearáil ag acmhainní náisiúnta le haghaidh 71 scéim den sórt sin.

Tábla 8: Scéimeanna náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh a ghíaráil

	An líon scéimeanna	Curtha chun feidhme	Príobháideach	Iomlán	Iolraitheoir
Ar an iomlán, lena n-áirítear:	71	36 394	56 045	92 019	2,5
Neamh-inaisíochta	58	30 651	40 037	70 268	2,3
Scéimeanna cumaiscthe + inaisíochta	13	5 743	16 008	21 751	3,8
<i>Inaisíochta</i>	<i>8</i>	<i>902</i>	<i>11 478</i>	<i>12 381</i>	<i>13,7</i>

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

Ceiltear difríochtaí móra idir na hionstraimí a úsáidtear leis an iolraitheoir domhanda a léirítear sa tábla thuas. **Tá meániolraitheoir 2,3 ag scéimeanna neamh-inaisíochta**, rud is féidir a thuiscint freisin mar mheándéine deontais de thart ar 30 %. Mar sin féin, tagann méadú ar ghíaráil infheistíochta príobháidí go 2,4 i gcás ina bhfuil cómhainiú ón Aontas

ann, rud a thugann le fios go bhfuil sé d'éifeacht ag ranníocaíochtaí cistiúcháin ón Aontas níos mó infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh.

De réir na sonraí atá ar fáil, ní hamháin gur gnách le cistiú ón Aontas teacht in ionad cistiú náisiúnta ach is gnách leis ceanglais chómhaoinithe a íslíú freisin. D'fhéadfadh sé a bheith ina mhíniú air sin go laghdaíonn cómhaoiniú an Aontais an gá atá ann do thairbhithe deiridh comhinfeistíocht a dhéanamh trí dhéine deontais cláir ar leith a mhéadú. An tráth céanna, bíonn deontais ó earnáil na bhfoirgneamh — bídís i bhfoirm cistiú ón Aontas nó i bhfoirm cistiú náisiúnta — éifeachtach nuair a dhírítear iad ar úinéirí sonracha (teaglaigh ar ioncam íseal/FBManna), ar chodanna d'fhoirgnimh (foirgnimh is neamhfheidhmiúla) nó ar athchóirithe níos doimhne a éilíonn infheistíochtaí substaintiúla.

I gcás ionstraimí airgeadais, tá sé níos deacra an t-iolraitheoir a mheas toisc nach féidir é a ríomh ach amháin ar an mbuiséad forghníomhaithe, i.e. nuair a bheidh na hinfeistíochtaí déanta. **Meastar gur beagnach 14 atá in iolraitheoir na scéimeanna inaisíochta**, rud atá ar aon dul leis an éifeacht iolraitheora a thugtar faoi deara le haghaidh InvestEU. Mar sin féin, tá méid na n-ionstraimí airgeadais a bhfuil sonraí iontaofa ann ina leith thar a bheith teoranta (EUR 900 milliún de chistí eisíochta thar 10 mbliana).

Mar fhocal scoir, agus mar gheall ar ilchineálacht na sonraí atá ar fáil, **is deacair éifeacht fhoriomlán iolraitheora an chistithe phoiblí sna Ballstáit a chainníochtú go cruinn**. Mar sin féin, is féidir glacadh leis go ngineann deontais éifeacht iolraitheora de thart ar 3.

3.2. An chaoi a gcuirtear maoiniú poiblí i gcomparáid le riachtanais infheistíochta

Leis an tsamhail PRIMES a úsáideann an Coimisiún chun measúnuithe tionchair a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar roghanna beartais don earnáil fuinnimh, meastar go mbeidh gá le thart ar EUR 370 billiún a infheistiú gach bliain ó 2021 go 2030 chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach⁽²⁵⁾. I gcás earnáil na bhfoirgneamh amháin, meastar gur EUR 242 bhilliún in aghaidh na bliana sna 10 mbliana atá ann faoi láthair a bheidh i gceist leis na riachtanais infheistíochta, lena n-áirítear EUR 180 billiún le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe agus EUR 62 bhilliún le haghaidh athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh seirbhíse (neamhchónaithe).

Meastar i dtuarascáil 2024 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ⁽²⁶⁾ gur infheistíodh thart ar EUR 200 billiún ar an meán in éifeachtúlacht fuinnimh san Eoraip gach bliain ó 2021 go 2023. Dá bhrí sin, agus riachtanais infheistíochta á gcur i gcomparáid leis na hinfeistíochtaí a rinneadh san Aontas le linn na tréimhse sin, mar a mheas IEA, **is é EUR 170 billiún in aghaidh na bliana an**

⁽²⁵⁾ Tá an meastachán bunaithe ar infheistíochtaí ar thaobh an éilimh a éilítear chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach de réir cás samhaltaithe PRIMES le haghaidh an Phlean um Sprioc Aeráide 2040, lena n-áirítear spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh ach gan riachtanais infheistíochta san iompar agus i bhfoirgnimh nua a chur san áireamh.

⁽²⁶⁾ Tuarascáil ó IEA ar Éifeachtúlacht Fuinnimh, <https://iea.blob.core.windows.net/assets/f304f2ba-e9a2-4e6d-b529-fb67cd13f646/EnergyEfficiency2024.pdf>.

bhearna infheistíochta is gá a líonadh chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach.

Tá méid na bearna infheistíochta réamh-mheasta i gcomhréir le meastacháin eile ó I4CE⁽²⁷⁾ agus Bruegel ⁽²⁸⁾ . Mheas I4CE bearna infheistíochta EUR 137 mbilliún in aghaidh na bliana maidir le 2022, agus measann Bruegel bearna infheistíochta EUR 149 mbilliún in aghaidh na bliana go sonrach d'earnáil na bhfoirgneamh.

Tábla 9: Riachtanais infheistíochta bhliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus bearna infheistíochta, 2021-2030 (in EUR billiún)

	Riachtanais infheistíochta	Bearna infheistíochta
Éifeachtúlacht fuinnimh	370	170
Foirgnimh	242	149

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024, Bruegel

I gCaibidil 2 thuas, measadh gur EUR 20,6 billiún in aghaidh na bliana a bhí i gcistiú ón Aontas agus gur EUR 32,7 in aghaidh na bliana a bhí i gcistiú ó na Ballstáit. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go leithdháiltear EUR 53,3 billiún de chistí poiblí ar éifeachtúlacht fuinnimh, i.e. thart ar an séú cuid (14,4 %) de na riachtanais infheistíochta iomlána.

3.3. Coigilteas fuinnimh a baineadh amach

3.3.1. Cláir an Aontais ⁽²⁹⁾

Tá éagsúlacht mhór sa tuairisciú ar choigilteas fuinnimh faoi chreat airgeadais an Aontais ag brath ar riachtanais gach cláir. Níl aon mhodh caighdeánach ann chun coigilteas fuinnimh a rianú nó a thuairisciú mar thoradh ar chistiú ón Aontas. Chomh maith leis sin, tá an tuairisciú easnamhach ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear tuairisciú neamhiomlán agus moillithe agus nach dtuairiscítear roinnt coigilteas fuinnimh ar chor ar bith, mar shampla i gcás ina mbíonn tionchar ag tionscadail ar thomhaltas fuinnimh a laghdú ach nach ndéantar a réimsí idirghabhála buiséid a chlibeáil faoi 'éifeachtúlacht fuinnimh'.

Dá bhrí sin, ní féidir dul chun cinn a rianú agus tionchar agus éifeachtúlacht dhomhanda a thomhas i dtéarmaí coigilteas fuinnimh in aghaidh an euro de bhuiséad an Aontais a chaitear ar éifeachtúlacht fuinnimh.

Mar shampla den dea-chleachtas, i gcás thairbhíthe na Saoráide Eorpaí um Chúnadh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, ceanglaítear orthu an coigilteas fuinnimh a ghintear lena dtionscadail a mheas agus a thuairisciú. Is amhlaidh atá ó seoladh an clár in 2009.

⁽²⁷⁾ Institute 4 Climate Economics (I4CE), *European Climate Investment Deficit Report*, foinse: [20240222-i4ce3859-Panorama-EU_VA-40p.pdf](#)

⁽²⁸⁾ Bruegel, *How to finance the European Union's building decarbonisation plan*, foinse: [PB 12 2024.pdf](#)

⁽²⁹⁾ [Príomhtháscairí feidhmíochta an Aontais 15_07_0.pdf](#)

Tábla 10: Coigilteas fuinnimh measta in aghaidh an chiste

Scéim	Coigilteas fuinnimh bliantúil measta (MWh*)
Cistí an bheartais comhtháthaithe 2014-2020	7 926 050
Cistí an bheartais comhtháthaithe 2021-2027	Ní bhaineann le hábhar
Cistí an bheartais talmhaíochta 2014-2022	Ní bhaineann le hábhar
Aistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE 2021-2027 ⁽³⁰⁾	8 344 000
An tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh	4 936 030
InvestEU ⁽³¹⁾	230 736
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ⁽³²⁾	33 388 511
An Ciste don Nuachóiriú	26 886 804

*Meigeavatuair

Foinse: An Coimisiún Eorpach, 2024.

Bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil, faoi dheireadh 2023 ba é 81,9 TWh an coigilteas fuinnimh bliantúil a baineadh amach trí chistí an Aontais, agus bhí thart ar 6 % den iarracht bhreise is gá chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach i gceist leis sin. Mar sin féin, ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, tá an figiúr bunaithe ar shonraí neamhiomlána agus ní léirítear leis tionchar iarbhir chistiú an Aontais.

3.3.2. Clár náisiúnta

Ní thuairiscítear sonraí maidir le coigilteas fuinnimh ar chomhchaighdeán. In 3 Bhallstát (an Danmhairg, Éire agus an Spáinn) tuairiscíonn níos mó ná 80 % de na scéimeanna coigilteas fuinnimh, agus níl aon tuairisciú ann in 8 mBallstát. San iomlán, ní thuairiscíonn ach 135 scéim ar fud na hEorpa coigilteas fuinnimh.

Níl aon mhodh caighdeánach ann chun gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh a thuairisciú. Is féidir coigilteas fuinnimh a mheas *ex ante* nó a thuairisciú *ex post*. Tuairiscíonn formhór na scéimeanna (95 scéim as 137 gcinn) sonraí tomhaltais fuinnimh deiridh, ach úsáideann 5 Bhallstát sonraí ídithe fuinnimh phríomhúil agus tuairiscíonn roinnt acu (e.g. an Spáinn, an Pholainn agus Málta) sonraí ídithe fuinnimh phríomhúil nó sonraí tomhaltais fuinnimh deiridh ag brath ar an scéim.

Maidir leis an tréimhse 2014-2024 a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, thuairiscigh 135 scéim náisiúnta (níos lú ná 30 %) sonraí maidir le coigilteas fuinnimh.


⁽³⁰⁾ Sprioc mheasta faoi 2030.

⁽³¹⁾ Sonraí a tuairiscíodh le haghaidh 2023.

⁽³²⁾ Comhtháscaire maidir le coigilteas i dtomhaltas fuinnimh phríomhúil bliantúil mar a thuairiscigh na Ballstáit in 2024, [Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta](#) .

135 611 696.46 MWh = 135.6 TWh, a bhí sa choigilteas fuinnimh a tuairiscíodh ⁽³³⁾, thart ar 10 % den iarracht bhreise is gá chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais a bhaint amach.

Graf 5 / Tábla 11: Coigilteas fuinnimh measta i dtíortha roghnaithe



4. PRÍOMHTHORTHAÍ AGUS CONCLÚIDÍ

4.1. Príomhthorthaí

Léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil **dul chun cinn nach beag déanta le blianta beaga anuas i réimse an mhaoinithe éifeachtúlachta fuinnimh**, rud a léiríonn méadú mór ar bhuiséad an Aontais. Is céim rithábhachtach é an cistiú méadaithe sin chun spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha a bhaint amach agus chun freastal ar an éileamh ar athchóirithe feidhmíochta fuinnimh.

Mar sin féin, léiríodh i suirbhé ar 486 scéim náisiúnta nach mbaintear ach **úsáid theoranta as scéimeanna maoinithe cumaiscthe agus in-aisíoctha**, a bhfuil níos lú ná 25 % den iomlán i gceist leo faoi láthair. Is é is cúis leis an tearcúsáid sin ní hamháin castacht na scéimeanna sin i gcomparáid le scéimeanna fóirdheontais deontas-bhunaithe, ach freisin easpa acmhainneachta nó acmhainneacht theoranta na n-eintiteas maoinithe náisiúnta atá speisialaithe in infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a shlógadh.

Cé gur féidir le hionstraimí airgeadais leibhéil níos airde infheistíochta príobháidí a ghíaráil, is annaimhe a úsáidtear iad ná deontais. Léirítear leis sin go bhfuil gá le hidirghníomhú níos éifeachtaí idir deontais agus ionstraimí airgeadais. **Ba cheart do dheontais tacú le riachtanais shonracha shóisialta nó earnála**, amhail teaghlaigh leochaileacha, micrifhiontair nó na foirgnimh is neamhfheidhmiúla, agus **ba cheart**

⁽³³⁾ Coigilteas bliantúil a baineadh amach in 2023, an bhliain tuairiscithe is déanaí.

ionstraimí airgeadais a phríomhshruthú, lena gcumhdaítear réimsí eile agus lena n-uasmhéadaítear tionchar na gcistí poiblí.

Thairis sin, léirítear le fianaise ó ionstraimí airgeadais an bheartais chomhtháthaithe gur féidir **deontais a chomhcheangal go héifeachtach le hionstraimí airgeadais** chun feabhas a chur ar ullmhú tionscadal, chun athchóirithe fuinnimh níos doimhne a dhreasú agus chun feabhas a chur ar inacmhainneacht do theaghlaigh ar ioncam íseal a bhfuil bochtaineacht fuinnimh ag bagairt orthu. Is féidir cineálacha éagsúla deontas — amhail fóirdheontais rátaí úis nó táillí ráthaíochta, cúnamh teicniúil, deontais infheistíochta agus lacáistí caipitil — a chomhcheangal le hiasachtaí, ráthaíochtaí nó cothromas in aon oibríocht amháin, rud a fhágann go bhfuil na scéimeanna níos tarraingtí don mhargadh agus d'idirghabhálaithe airgeadais araon. Leis an taithí a fuarthas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé tacaíocht infheistíochta a chomhcheangal le hathchóirithe, chomh maith leis na líonraí tacaíochta is gá a bhunú (e.g. ionaid ilfhreastail).

Tá cistí an Aontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh scaipthe ar fud cláir náisiúnta agus réigiúnacha éagsúla, agus gach ceann acu á mbainistiú ag eagraíochtaí éagsúla. Cuireann an ilroinnt sin agus an **easpa comhordaithe** idir institiúidí poiblí agus airgeadais teorainn le glacadh an mhaoinithe chumaiscthe agus cuireann siad bac ar shlógadh na hinfeistíochta príobháidí.

Ina theannta sin, **d'fhéadfaí cistiú poiblí a dhéanamh níos éifeachtaí tríd an bhfócas a aistriú ó thionscadail aonair go tionscadail chomhiomlánaithe**. Áirítear leis sin tacú le caighdeánú, barainneachtaí scála a chruthú agus méid criticiúil a bhaint amach chun rochtain a fháil ar mhaoiniú. Mar sin féin, is minic a bhíonn tacaíocht do chomhbhailitheoirí tionscadal srianta ag rialacha agus rialacháin, lena n-áirítear cleachtais bhaincéireachta le haghaidh maoiniú fadtéarmach, ráthaíochtaí agus comhthaobhachta. An tráth céanna, tá buiséad measartha beag ag cláir ábhartha arna gcistiú ag an Aontas amhail an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh agus an tAistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE, a úsáideann acmhainní ó bhuiséad an Aontais go héifeachtach agus a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil gearáil mhór agus éifeacht iolraitheora acu.

Is dúshlán fós é easpa sonraí caighdeánaithe agus tuairisciú ar thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, infheistíochtaí agus coigilteas fuinnimh ó thaobh measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tionchar a thomhas. Is fíor sin go háirithe i gcás cláir níos mó nó spriocphobail shonracha (e.g. teaghlaigh leochaileacha) agus i gcás na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla, arb iad is mó a bhainfeadh tairbhe as athchóirithe fuinnimh.

4.2. Conclúidí

D'ainneoin dul chun cinn nach beag maidir le tacaíocht phoiblí a fheabhsú do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, **ní chumhdaítear le cistiú poiblí faoi láthair ach cion teoranta (15 %) de na hinfeistíochtaí measta iomlána is gá** a chomhlíonadh, spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh 2030 an Aontais. Má thagann **deireadh le STA in 2026, tá an**

baol ann go méadófar an bhearna infheistíochta sin a thuilleadh, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos dúshlánaí an acmhainneacht iomlán éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Bíonn coigilteas substaintiúil fadtéarmach mar thoradh ar athchóirithe foirgneamh agus ar fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh in FBManna agus i micrifhiontair, ach tá tacaíocht airgeadais de dhíth ar theaghlach leochaileacha agus ar FBManna go háirithe chun costais tosaigh le haghaidh infheistíochtaí tosaigh a chumhdach.

Le scéimeanna maoiniúcháin níos éifeachtúla, níos spriocdhírithe agus níos feidhmíochtbhunaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, is féidir réitigh fuinnimh shimplí, shaincheaptha agus tharraingteacha a chur ar fáil do shaoránaigh agus d'fhiontair.

Dá bhrí sin, tá géarghá le **héifeacht chatalaíoch agus éifeacht claochlaithe margaidh an chistithe poiblí a uasmhéadú chun leas a bhaint as infheistíochtaí príobháideacha móra agus chun leas a bhaint as acmhainneacht na héifeachtúlachta fuinnimh i dtéarmaí iomaíochais, inacmhainneachta fuinnimh, slándála, sláinte agus cáilíochta saoil**, lena n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh an tAontas a chuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh, go háirithe maidir le hathchóiriú foirgneamh, do 2030 agus ina dhiaidh sin. An tráth céanna, le hionstraimí agus bearta beartais tiomnaithe, ba cheart leanúint de bheith ag rannchuidiú leis an éileamh ar infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh, lena n-áirítear, mar shampla, seirbhísí ionad ilfhreastail, chomh maith le tairiscint ar réitigh mhaoiniúcháin nuálacha agus phríobháideacha a spreagadh le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear an margadh le haghaidh seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh a shimpliú agus a mhéadú.

Le raon feidhme nuachóirithe bhuiséad 2028-2034 atá beartaithe, is féidir an barrfheabhsú sin a chur chun feidhme. Go háirithe, nascfaidh pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí athchóirithe le hinfeistíochtaí lena n-áirítear chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, mar aon leis an gCiste Eorpach nua um Iomaíochas lena neartófar geilleagar an Aontais trí infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh geilleagar na hEorpa a dhícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn.

Tacóidh buiséad an Aontais freisin le **hionstraimí airgeadais agus scéimeanna maoinithe cumaiscthe a fhorbairt agus a mhéadú**, lena gcomhcheanglófar deontais, seirbhísí comhairleacha agus ráthaíochtaí chun freastal ar riachtanais earnáilsonracha. Leis an **Moladh ón gCoimisiún maidir le leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach san éifeachtúlacht fuinnimh**, tugtar treoraíocht luachmhar agus samplaí nithiúla do na Ballstáit agus do ghníomhaithe margaidh chun acmhainní na hearnála príobháidí a shlógadh.

Tá gá le **cúnamh láidir forbartha tionscadail, tionscnaimh maidir le glacadh sa mhargadh agus bearta fothaithe acmhainneachta** chun éifeachtúlacht agus glacadh cistí poiblí agus príobháideacha a fheabhsú. Faoin gcéad CAI eile, cuirfidh an Coimisiún le cláir de chuid an Aontais atá ann cheana amhail an tAistriú chuig Fuinneamh Glan de chuid Chlár LIFE agus an tSaoráid Eorpach um Chúnamh Áitiúil i Réimse an Fhuinnimh, a bhfuil

ardghiaráil léirithe acu ó thaobh infheistíochtaí agus coigilteas fuinnimh de, chun an bealach a réiteach do chláir infheistíochta díri níos mó.

Chun tionchar an chistithe phoiblí a uasmhéadú chun tacú le hinfeistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh, **ba cheart do na Ballstáit úsáid ionstraimí airgeadais a mhéadú** agus a spleáchas ar dheontais a laghdú. Mar sin féin, ba cheart deontais a úsáid fós chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus chun cuimsiú sóisialta agus tacaíocht spriodhírthe do riachtanais shonracha earnála a áirithiú.

An tráth céanna, ba cheart don chreat cumasúcháin cur chun úsáide agus úsáid éifeachtach uirlisí cumasúcháin a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí, agus ráthaíochtaí punainne comhcheangailte, le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, scéimeanna airgeadais íoc as feidhmíocht, dreasachtaí fioscacha agus caighdeáin feidhmíochta fuinnimh.

I bhfianaise na gcastachtaí agus na ndúshlán a bhaineann le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú, aithníonn an Coimisiún go bhfuil méadú ag teacht ar an ngá atá le réitigh mhaoinithe éifeachtacha, le haghaidh **píblínte móra infheistíochta** éifeachtúlachta fuinnimh **agus le hinfeistíochtaí a dhí-rioscú**.

D'fhéadfaí a áireamh in **Ionstraimí Luasghéaraithe Éifeachtúlachta Fuinnimh** comhpháirteanna earnáilsonracha chun infheistíochtaí in athchóiriú foirgneamh, FBManna agus micrifhiontair, agus i gcórais téimh agus fuaraithe a mhéadú go tapa. D'fhéadfadh na Ballstáit páirt a thabhairt do mhoil náisiúnta na Comhghuaillíochta Eorpaí um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh i bhforbairt na n-ionstraimí sin.

D'éirigh go maith le **comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí** amhail CEEF ó thaobh tionscadail infheistíochta a mhéadú agus cistiú ón earnáil phríobháideach a shlógadh. Léirítear leis sin na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an tsamhail sin a mhacasamhlú agus a mhéadú i gcreat maoinithe níos leithne de chuid an Aontais don éifeachtúlacht fuinnimh. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin a bheith ina samhail d'ionstraimí luasghéaraithe den chéad ghlúin eile. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir leis an Aontas tairbhí nach beag a chur ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear riosca laghdaithe, maoiniú méadaithe, agus forbairt tionscadal feabhsaithe.

Ar deireadh, chun borradh nach beag a chur faoi infheistíochtaí príobháideacha in éifeachtúlacht fuinnimh, agus úsáid éifeachtach cistí poiblí á háirithiú an tráth céanna, sheol an Coimisiún, in 2024, **an Chomhghuaillíocht Eorpach um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh**. Tá sé ríthábhachtach leanúint den chomhpháirtíocht struchtúrtha sin agus í a threisiú a thuilleadh idir an Coimisiún, na Ballstáit, institiúidí airgeadais agus an tionscal chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais a bhaint amach.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.